
LÍONRA TAISTIL GNÍOMHACH
BHAILE ÁTHA CLIATH



# An Cuarbhóthar Thuaidh

## Scéim Eatramhach

## Bearta Eatramhacha Stráice 1 (Sráid Dorset Íochtarach go dtí Sráid Amiens)

# BILEOG EOLAIS




## CÉARD ATÁ SA BHILEOG SEO?


1 Forléargas ar an Tionscadal
2 An Gá atá leis an Scéim Eatramhach
3 Buntáistí na Scéime Eatramhaí
4 Príomhghnéithe na Scéime Eatramhaí
5 Moill ar Thrácht i rith na Suiteála
6 Conas Teagmháil a dhéanamh Linn


## 1 FORLÉARGAS AR AN TIONSCADAL

Soláthróidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliathan Gréasán Taistil Ghníomhaigh trí shraith tionscadal bonneagair as seo go ceann naoi mbliana. Forbrófar an Gréasán Taistil Ghníomhaigh ó 10km go dtí gréasán nasctha de 310km ar fud na cathrach. Beidh Gréasán Taistil Ghníomhaigh níos sábháilte, ionchuimsitheach, nasctha agus inbhuanaithe á sholáthar.

Áirítear Scéim an Chuarbhóthair Thuaidh i measc ceann de na conairí atá sainaitheanta faoin gClár Taistil Ghníomhaigh. Mar thoradh ar an scéim atá beartaithe soláthrófar rotharbhealach feadh an Chuarbhóthair Thuaidh (NCR) a bheidh ag síneadh ó Bhóthar na gCloch san iarthar go dtí Ceantar Dugaí Bhaile Átha Cliath san oirthear. Tá an bealach atá beartaithe a fhorbairt thart ar 5km ar fad. Tógfaidh sé roinnt ama an scéim bhuan a phleanáil agus a dhearadh agus idir an dá linn, tá sé beartaithe bearta eatramhacha a dhearadh agus a chur chun feidhme feadh an bhealaigh más féidir.

Rinneadh anailís ar bhealach 5 km an NCR chun stráicí a shainaithint a bheadh oiriúnach le haghaidh beart eatramhach oiriúnach. Sainaithníodh go raibh stráice 1.1km den bhealach ag tosú ag Sráid Dorset Íochtarach feadh an Chuarbhóthair Thuaidh agus Rae Portland agus ag críochnú ag Sráid Amiens/Bóthar na Trá Thuaidh oiriúnach le haghaidh na mbeart eatramhach.


Tionscadal Eireann Project Ireland 2040
NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

## 2 CÉN FÁTH A BHFUIL GÁ LEIS AN SCÉIM?

- Chun rotharbhealach scartha a sholáthar sula gcuirtear tús le cur chun feidhme thionscadal buan NCR
- Chun nasc a sholáthar le scéimeanna rothaíochta agus iompair phoiblí in aice láimhe; tionscadal Chluain Tarbh go Lár na Cathrach agus Croíchonairí Bus mar chuid de BusConnects agus nasc a chruthú le 2 stáisiún Dublin Bikes
- Nasc le hionaid oideachais éagsúla feadh an bhealaigh a fheabhsú
- Naisc le háiteanna a mbíonn go leor daoine ag triall orthu a fheabhsú lena n-áirítear Páirc an Chrócaigh, Ospidéal an Mater agus Stáisiún Uí Chonghaile

## 3 BUNTÁISTÍ NA SCÉIME EATRAMHAÍ

- Saoráidí rothaíochta agus cosanta ar ardchaighdeán a sholáthar chun freastal ar rothaithe de gach aois agus cumas.
- Stíl mhaireachtála níos gníomhaí a éascú do dhaoine de gach aois agus neart buntáistí a chruthú d'fholláine fhisiciúil agus mheabhairshláinte
- Cabhrófar le hastaíochtaí iompair a laghdú de réir chuspóirí an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide trí thacú le haistriú córa iompair chuig taisteal gníomhach
- Timpeallacht níos sábháilte a chruthú do rothaithe agus do choisithe ar bhonn gearrthéarmach roimh fhorbairt na scéime buaine

## 4 PRÍOMHGHNÉITHE NA SCÉIME EATRAMHAÍ

Ar feadh 1.1km na scéime eatramhaí, tá sé beartaithe úsáid a bhaint as rothar-raonta atá á gcosaint ag mullaird agus ó pháirceáil. Coimeádfar na bánna lódála, spásanna páirceála inrochtana do charranna agus 65% de na spásanna páirceála do charranna ar an tsráid. I láthair na huaire, bíonn ar rothaithe a bheith ag rothaíocht taobh le trácht atá ag gluaiseacht agus le feithiclí atá páirceáilte. Cinnteoidh an modh atá beartaithe chun an raon-rothar a scaradh trí spásanna páirceála a chur ar fáil lasmuigh den raon-rothar, lena n-áirítear spás cosanta de 0.75m, go mbeidh rothaithe á gcosaint agus go mbeidh daoine in ann feithiclí páirceáilte a úsáid ar a gcompord.


Chomh maith leis sin, cabhróidh an socrú atá beartaithe chun luas feithiclí ar an gCuarbhóthar Thuaidh a laghdú de bhrí go mbeidh na lánaí tráchta níos cúinge. Beidh an timpeallacht trasnaithe do choisithe feabhsaithe freisin trí na gathanna cúinne ar thaobh-bhóithre a laghdú. Ní chuirfear isteach ar shocruithe rochtana cabhsán. Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe oibreacha athdhromchlaithe a dhéanamh ar an gcarrbhealach chun timpeallacht níos sábháilte a chruthú do rothaithe agus d'úsáideoirí bóthair. Lena chois sin, cuimseofar sa scéim 6 stad bus nua mar chuid de chlár beartaithe Bus Connects. Tá eolas maidir leis na tograí le fáil ag consultation.dublin.ie.

**An Cuarbhóthar Thuaidh: Sráid Dorset Íochtarach – Bóthar Belvedere**
Tá sé beartaithe cosaint ó fheithiclí páirceáilte agus saoráidí scartha (mullaird) a shuiteáil ag gach taobh den stráice seo den NCR chun rothaithe a scaradh ó thrácht. Beidh sé riachtanach fáil réidh le dhá spás páirceála do charranna, 12% den líon iomlán spásanna páirceála feadh an tsráice seo, ach beidh an bá lódála agus na seastáin Dublin Bikes á bhfágáil mar atá.

**An Cuarbhóthar Thuaidh: Bóthar Belvedere – Sráid an Ruiseálaigh/Sráid Emmet**
Tá sé beartaithe cosaint ó fheithiclí páirceáilte agus saoráidí scartha (mullaird) a shuiteáil ag gach taobh den stráice seo den NCR chun rothaithe a scaradh ó thrácht. Beidh sé riachtanach fáil réidh le 18 spás páirceála do charranna, 33% den líon iomlán spásanna páirceála feadh an tsráice seo, ach beidh an bá lódála á fhágáil mar atá.

**An Cuarbhóthar Thuaidh: Sráid an Ruiseálaigh – Paráid Chnoc an tSamhraidh**
Tá sé beartaithe cosaint ó fheithiclí páirceáilte agus saoráidí scartha (mullaird) a shuiteáil ag gach taobh den stráice seo den NCR chun rothaithe a scaradh ó thrácht. Beidh sé riachtanach fáil réidh le 17 spás páirceála do charranna, 17% den líon iomlán spásanna feadh an tsráice seo. Cúngófar na gathanna ag cúinne na taobh-bhóithre rud a chiallaíonn go mbeidh an timpeallacht níos sábháilte do rothaithe agus do choisithe. Ní bheidh cead ag daoine casadh ar dheis ar Ascaill San Maighréad agus ar Shráid Shéarlais Mhór Thuaidh níos mó.

**Rae Portland: Paráid Chnoc an tSamhraidh go dtí Sráid Amiens**
Beidh raon-rothar cosanta ó pháirceáil le fáil ag an taobh thiar de Rae Portland (ag taisteal ó thuaidh). Ní bheidh aon chosaint do rothaithe ag an taobh thoir de Rae Portland (ag taisteal ó dheas) mar gheall ar an líon mór bealaí rochtana d'fheithiclí atá ar an mbóthar. Ag an taobh ó dheas de Rae Portland beidh an raon-rothar cosanta ag soithí plandaí ar an dá thaobh den bhóthar. Beidh sé riachtanach fáil réidh le 9 spás páirceála do charranna, 50% den líon iomlán spásanna feadh an tsráice seo.










## 5 MOILL AR THRÁCHT I RITH NA SUITEÁLA

Tá sé beartaithe tús a chur leis na hoibreacha suiteála a bhaineann leis an scéim seo ag tús 2023. Ionas gur féidir an scéim seo a chur i gcrích, beidh sé riachtanach cur isteach ar thrácht sa cheantar ar bhonn sealadach. Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gcomhpháirt lena conraitheoir, iarracht gan moill a chur ar thrácht ach nuair atá sé riachtanach. Cuirfear na bearta eatramhacha ar Rae Portland i bhfeidhm nuair a bheidh an trácht roinnte, obair atá ar bun faoi láthair chun na hoibreacha tógála a bhaineann le tionscadal Chluain Tarbh go Lár na Cathrach a éascú.

## 6 CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le Scéim Eatramhach Coisithe & Rothaithe an Chuarbhóthair Thuaidh agus an tionscadal buan comhfhreagrach féach ar an suíomh gréasáin www.dublincity.ie/activetravel

Is féidir tuairimí/barúlacha maidir leis an scéim eatramhach a sheoladh ar aghaidh tríd an suíomh gréasáin, seoladh r-phoist nó seoladh poist thíos:

https://consultation.dublincity.ie/ (Scan an cód QR)

activetraveloffice@dublincity.ie agus scríobh an méid seo a leanas i líne an ábhair: Scéim Eatramhach an Chuarbhóthair Thuaidh

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh, Bloc 1, Urlár 6, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F